Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2016
(OR. en)

15151/16
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0377 (COD)**

ENER 421
IA 136
CODEC 1817

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2016) 862 final - IARSCRÍBHINN 1 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann le RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le riosca-ullmhacht in earnáil an leictreachais agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/89/EC |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2016) 862 final - IARSCRÍBHINN 1.

---

Faoi iamh: COM(2016) 862 final - IARSCRÍBHINN 1

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.11.2016
COM(2016) 862 final

ANNEX 1

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le riosca-ullmhacht in earnáil an leictreachais agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/89/EC**

## IARSCRÍBHINN

## Teimpléad an phlean riosca-ullmhachta

Is i mBéarla a líonfar na teimpléid.

FAISNÉIS GHINEARÁLTA

– Ainm an Údaráis Inniúil atá freagrach as an bPlean seo a ullmhú

– Na Ballstáit atá sa réigiún

### 1. ACHOIMRE AR CHÁSANNA GÉARCHÉIME LEICTREACHAIS

Cuirtear síos go hachomair ar na cásanna géarchéime leictreachais a sainaithníodh ar an leibhéal réigiúnacha agus náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 6 agus 7, lena n-áirítear cur síos ar na toimhdí a cuireadh i bhfeidhm.

### 2. RÓIL AGUS FREAGRACHTAÍ NA NÚDARÁS INNIÚIL

Sainítear róil agus freagrachtaí na nÚdarás Inniúil agus na gcomhlachtaí ar tarmligeadh cúraimí chucu.

### 3. NÓSANNA IMEACHTA AGUS BEARTA LE LINN NA GÉARCHÉIME LEICTREACHAIS

#### 3.1. Nósanna imeachta agus bearta náisiúnta

(a) Cuirtear síos ar na nósanna imeachta a leanfar i gcás géarchéime leictreachais, lena n-áirítear na scéimeanna comhfhreagracha maidir le sreafaí faisnéise;

(b) Cuirtear síos ar na bearta coisctheacha agus ullmhúcháin;

(c) Cuirtear síos ar na bearta um maolú ar ghéarchéimeanna leictreachais, go háirithe ar bhearta atá dírithe ar an éileamh agus ar an soláthar; tugtar freisin na dálaí inar féidir na bearta sin a ghlacadh go háirithe an méid ba shiocair lena nglacadh. I gcás ina bhfuiltear ag marana ar bhearta neamh-mhargaidh, ní mór bonn ceart cirt a bheith leo i bhfianaise na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 15;

(d) Tugtar plean mionsonraithe don lódsceitheadh, lena n-áirítear sonraí faoin am a sceithfear an lód, faoi na dálaí ina sceithfear, faoi luachanna an lóid agus faoin té chuig a sceithfear. Sainítear catagóirí na n-úsáideoirí leictreachais dár ceart cosaint speisialta i gcoinne dícheangail a thabhairt, agus mínítear an fáth ar gá an chosaint sin chun an tsábháilteacht phearsanta a chaomhnú;

(e) Cuirtear síos ar na sásraí atá in úsáid chun an pobal a chur ar an eolas maidir le géarchéim leictreachais.

### 3.2. Nósanna imeachta agus bearta réigiúnacha

(a) Cuirtear síos ar na sásraí a comhaontaíodh maidir leis an gcomhar laistigh den réigiún agus chun comhordú cuí – roimh an ngéarchéim leictreachais agus lena linn – a áirithiú, lena n-áirítear na nósanna imeachta cinnteoireachta maidir le gníomhú iomchuí ar an leibhéal réigiúnach;

(b) Cuirtear síos ar na bearta a úsáidfear i gcás ina dtarlóidh níos mó ná géarchéim amháin in éineacht, lena n-áirítear an tosaíocht a thabharfar do chustaiméirí agus do phleananna réigiúnacha lódsceite mar aon le socruithe airgeadais chun cuidiú le géarchéim leictreachais a sheachaint nó a mhaolú. Is ceart eilimintí den chineál seo a leanas a bheith sa chur síos sin: sainmhíniú ar a mbeidh ina shiocair leis an gcúnamh sin, foirmle ríofa nó méid an ríofa, an páirtí is íocóir agus an páirtí is faighteoir, agus na rialacha eadrána. Sainítear an uair agus an tslí a ndéanfar na pleananna réigiúnacha lódsceite a chur chun feidhme;

(c) Cuirtear síos ar na sásraí atá ann maidir leis an gcomhar i measc na mBallstát eile atá lasmuigh den réigiún agus leis na tríú tíortha sin atá laistigh den réimse sioncronach chun gníomhaíochtaí a chomhordú roimh an ngéarchéim leictreachais agus lena linn.

## 4. BAINISTEOIR GÉARCHÉIME NÓ FOIREANN GHÉARCHÉIME

Sonraítear cé hé an bainisteoir géarchéime nó cé hí an fhoireann ghéarchéime agus sainítear a ról. Tugtar na sonraí teagmhála.

## 5. COMHAIRLIÚCHÁIN LE GEALLSEALBHÓIRÍ

I gcomhréir le hAirteagal 10(1), tugtar tuairisc ar an sásra atá in úsáid don Phlean seo, agus ó thaobh fhorbairt an Phlean seo, tugtar torthaí na gcomhairliúchán a rinneadh leo seo a leanas:

(a) gnóthais leictreachais agus gáis;

(b) eagraíochtaí ábhartha a dhéanann ionadaíocht ar theaghlaigh;

(c) eagraíochtaí ábhartha a dhéanann ionadaíocht ar leasanna chustaiméirí tionsclaíocha leictreachais, lena n-áirítear gnóthais gháis;

(d) údaráis náisiúnta rialála.

## 6. TÁSTÁLACHA ÉIGEANDÁLA

(a) Tugtar an t-amchlár maidir le cleachtaí bliantúla na bhfreagairtí fíor-ama réigiúnacha (nó náisiúnta más iomchuí) um ghéarchéim leictreachais;

(b) I gcomhréir le hAirteagal 12(1)(d), sonraítear na nósanna imeachta a comhaontaíodh agus na gníomhaithe atá i gceist.

I gcás Plean atá á thabhairt cothrom le dáta: tugtar tuairisc ghairid ar na tástálacha a rinneadh ó glacadh an plean deireanach, agus príomhthorthaí na dtástálacha sin. Sonraítear na bearta a glacadh mar thoradh ar na tástálacha sin.